Comhairle an Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 15 Bealtaine 2020
(OR. en)

7938/20

Comhad Idirinstitiúideach:
2018/0409(NLE)

FRONT 133
COWEB 59

**NÓTA MAIDIR LE MÍR "I"**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | Coiste na mBuanionadaithe (Cuid 2) |
| Ábhar: | Togra le haghaidh Cinneadh ón gComhairle maidir le tabhairt i gcrích an Chomhaontaithe Stádais idir an tAontas Eorpach agus Poblacht na Seirbia maidir le gníomhaíochtaí arna ndéanamh ag an nGníomhaireacht Eorpach um an nGarda Teorann agus Cósta i bPoblacht na Seirbia<br>– Cinneadh maidir leis an nós imeachta i scríbhinn a úsáid le haghaidh an ghlactha |

1. An 7 Márta 2017, ghlac an Chomhairle Cinneadh lena n-údaraítear tús a chur leis an gcaibidlíocht maidir le comhaontú idir an tAontas Eorpach agus Poblacht na Seirbia maidir le gníomhaíochtaí arna ndéanamh ag an nGníomhaireacht Eorpach um an nGarda Teorann agus Cósta i bPoblacht na Seirbia.

2. Is é is cuspóir don chomhaontú stádais, ar bhonn Airteagal 54(3)-(4) de Rialachán (AE) 2016/1624 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 14 Meán Fómhair 2016 maidir leis an nGarda Teorann agus Cósta Eorpach[1], teideal a thabhairt don Ghníomhaireacht Eorpach um an nGarda Teorann agus Cósta an comhar oibríochtúil a chomhordú idir Ballstáit agus tríú tíortha i réimse an bhainistithe ar theorainneacha seachtracha. I ndáil leis an méid sin, féadfaidh an Ghníomhaireacht gníomhaíochtaí a chur i gcrích ar na teorainneacha seachtracha, le Ballstát nó le Ballstáit agus le tríú tír in aice le ceann de na Ballstáit sin, faoi réir chomhaontú an tríú tír sin atá in aice leis, lena n-áirítear ar chríoch an tríú tír sin.

[1] I.O. 16.9.2016, L 251/1.

De bhun Airteagal 54(4) de Rialachán (AE) 2016/1624, i gcásanna ina mbeartaítear go ndéanfar foirne a imscaradh do thríú tír i ngníomhaíochtaí a mbeidh cumhachtaí feidhmiúcháin ag baill na foirne, nó ina n-éilítear sin le gníomhaíochtaí eile i dtríú tíortha, tabharfar comhaontú stádais i gcrích idir an tAontas agus an tríú tír lena mbaineann.

3. Cuireadh inisealacha an Choimisiúin agus na Seirbia leis an dréacht-chomhaontú stádais an 20 Meán Fómhair 2018. An 7 Nollaig 2018, chuir an Coimisiún togra faoi bhráid na Comhairle le haghaidh Cinneadh ón gComhairle maidir le síniú, thar ceann an Aontais, an chomhaontaithe stádais idir an tAontas Eorpach agus Poblacht na Seirbia, agus togra le haghaidh Cinneadh ón gComhairle maidir le tabhairt i gcrích an Chomhaontaithe Stádais[2]. Dhaingnigh na toscaireachtaí go n-aontaíonn siad leis na tograí an 11 Eanáir 2018 ar bhonn nós imeachta an tosta.

4. An 19 Márta 2019, ghlac an Chomhairle Cinneadh (AE) 2019/400 maidir le síniú, thar ceann an Aontais, an Chomhaontaithe Stádais idir an tAontas Eorpach agus Poblacht na Seirbia maidir le gníomhaíochtaí arna ndéanamh ag an nGníomhaireacht Eorpach um an nGarda Teorann agus Cósta i bPoblacht. Cuireadh an dréacht-Chinneadh maidir leis an tabhairt i gcrích chuig Parlaimint na hEorpa ar an dáta céanna chun a toiliú a fháil.

5. Shínigh an tSeirbia an Comhaontú Stádais idir an tAontas Eorpach agus Poblacht na Seirbia i mBéalgrád an 18 Samhain 2019 agus shínigh an tAontas Eorpach an Comhaontú i Scóipé an 19 Samhain 2019.

6. An 13 Bealtaine 2020, thug Parlaimint na hEorpa a toiliú maidir leis an gComhaontú a thabhairt i gcrích. Dá bhrí sin, is féidir an Cinneadh maidir le tabhairt i gcrích an chomhaontaithe a ghlacadh.

---

[2] Cuireadh 5284/19 agus 5285/19 in ionad 15496/18+ADD1 agus 15486/18+ADD1, agus eisíodh iad chun aghaidh a thabhairt ar neamhréireacht theicniúil i dtéacs an Dearbhaithe Chomhpháirtigh maidir le stádas agus teorannú na gcríoch, chun comhsheasmhacht a áirithiú leis an téacs a chomhaontaigh na toscaireachtaí roimhe seo.

1. B'éigean leagan athbhreithnithe den dréachtchinneadh ón gComhairle maidir leis an tabhairt i gcrích (15581/1/18 REV 1) a eisiúint chun iarmhairtí tharraingt siar na Ríochta Aontaithe as an Aontas a léiriú.

2. Is é atá sa Chinneadh seo forbairt ar fhorálacha *acquis* Schengen nach bhfuil Éire rannpháirteach iontu, i gcomhréir le Cinneadh 2002/192/CE ón gComhairle[3]; dá bhrí sin, níl Éire rannpháirteach i nglacadh an Chinnidh seo agus níl sí faoi cheangal aige ná faoi réir a chur i bhfeidhm.

3. I gcomhréir le hAirteagail 1 agus 2 de Phrótacal Uimh. 22 maidir le seasamh na Danmhairge, atá i gceangal leis an gConradh ar an Aontas Eorpach agus leis an gConradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, níl an Danmhairg rannpháirteach i nglacadh an Chinnidh seo agus níl sí faoi cheangal aige ná faoi réir a chur i bhfeidhm. Ós rud é go gcuireann an Cinneadh seo le *acquis* Schengen, cinnfidh an Danmhairg, i gcomhréir le hAirteagal 4 den Phrótacal sin, laistigh de thréimhse sé mhí tar éis don Chomhairle cinneadh a dhéanamh ar an gCinneadh seo, an gcuirfidh sí chun feidhme ina dlí náisiúnta é.

4. I bhfianaise an mhéid thuas, iarrtar ar Choiste na mBuanionadaithe:

   – a dhaingniú go n-aontaíonn sé le téacs an dréacht-Chinnidh ón gComhairle, mar a leagtar amach in 15581/1/18 REV 1 é agus bailchríoch curtha ag na dlítheangeolaithe air, agus

   – cinneadh a dhéanamh, i gcomhréir leis an gcéad fhomhír d'Airteagal 12(1) de Rialacha Nós Imeachta na Comhairle agus le hAirteagal 1 de Chinneadh 2020/430 ón gComhairle, go n-úsáidfidh an Chomhairle an nós imeachta i scríbhinn leis an gCinneadh a ghlacadh.

11. Foilseofar téacs an Chinnidh thuas san *Iris Oifigiúil.*

---

[3] Cinneadh 2002/192/CE ón gComhairle an 28 Feabhra 2002 maidir leis an iarraidh ó Éirinn a bheith rannpháirteach i roinnt forálacha de *acquis* Schengen (IO L 64, 7.3.2002, lch. 20).